6069.M5C

6069L001G1IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

## 1 uair 50 nóiméad

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**FÓGRA A hAON**

**1. (a)** Cén Chomhairle Contae a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén cineál Gaeilge atá riachtanach don phost seo?

**2. (a)** Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar?

**(b)** Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas?

**FÓGRA A DÓ**

**1. (a)** Cé a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cá fhad a mhaireann gach ceardlann?

**2. (a)** Cé mhéad scoláire ar féidir leo freastal ar an gceardlann?

**(b)** Cén cineál seomra a bhíonn ag teastáil sa scoil do na ceardlanna seo?

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1**. Cén áit i nGlaschú a raibh Nóra greamaithe aréir?

**2.** Conas a mhothaigh Nóra nuair a shroich sí a teach féin?

***An Dara Mír***

**1.** Cén oíche a bhí an cluiche sacair ar siúl i bPáirc Hampden?

**2.** Cén uair a scóráil Éire an cúl iontach?

**COMHRÁ A DÓ**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén gradam a bronnadh ar Chiara?

**2.** Cén áit sa scoil a bhfuil an phlaic de liosta na mbuaiteoirí?

***An Dara Mír***

**1.** Cén uair a bhí an ócáid bhronnta ar siúl?

**2.** Scríobh síos duine **amháin** ón nuachtán áitiúil a bhí i láthair ag an ócáid bhronnta.

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cén uair a osclaíodh an dá phointe luchtaithe nua d'fheithiclí leictreacha i gcarrchlós poiblí an bhaile?

**2.** Cé a deir go mbeidh suas le milliún feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann faoin mbliain 2030?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cá raibh Oireachtas na Samhna ar siúl?

**2.** Cár chaith Darren tréimhse ag obair in RTÉ?

## Cuid II		An Cheapadóireacht		100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

## Cuid II — An Cheapadóireacht — 100 marc

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A — Giota Leanúnach/Blag — 50 marc

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Is aoibhinn liom an teicneolaíocht.

(ii) Mar a chaith mé mo laethanta saoire an samhradh seo caite.

(iii) An scannán is fearr dá bhfaca mé.

### B — Scéal — 50 marc

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Bhí mé amuigh ag siúl. Bhuail m'fhón póca. 'Tar abhaile anois,' arsa Mam …

**nó**

(ii) Bhí mé i mo sheasamh sa chúl. Chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo …

### C — Litir/Ríomhphost — 50 marc

(i) Cheannaigh tú fón cliste nua ar an idirlíon le déanaí ach bhí sé briste nuair a fuair tú sa phost é. Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an duine a dhíol leat é ag míniú an scéil dó/di **agus** ag fiafraí de/di cad ba cheart duit a dhéanamh anois.

**nó**

(ii) Bhí mé féin agus mo chairde ag ceolchoirm le déanaí.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir/do dheirfiúr ag insint dó/di faoin gceolchoirm sin **agus** faoi na rudaí a rinne sibh ann.

### D — Comhrá — 50 marc

(i) Fuair tú áit ar do rogha cúrsa sa choláiste tríú leibhéal. Ba mhaith leatsa bliain a chaitheamh ag obair sula bhfreastalaíonn tú ar an gcoláiste tríú leibhéal. B'fhearr le do thuismitheoirí go rachfá díreach ar an gcoláiste.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Rug an múinteoir Gaeilge ort ag scríobh téacs ar d'fhón póca sa rang. Chuir an múinteoir glaoch ar do thuismitheoirí agus mhínigh sé/sí cúrsaí dóibh.
Scríobh an comhrá (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

1 uair 50 nóiméad